M57T

**RABHADH**
**NÍ MÓR duit an ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo:** ☞

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2006

# Gnó – Ardleibhéal

**(400 marc)**

**DÉ CÉADAOIN, 14 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 r.n. go dtí 12.30 i.n.**

**NÍ MÓR d'IARRTHÓIRÍ NA CEISTEANNA SEO A FHREAGAIRT:**

**(A)** **Ocht gceist as ROINN 1**

**AGUS**

**(B)** **An Cheist ar Ghnó Feidhmeach i ROINN 2**

**AGUS**

**(C)** **Ceithre cheist as ROINN 3 mar a leanas:**
**Ceist amháin as Cuid 1,**
**Dhá cheist as Cuid 2**
**agus ceist amháin eile as Cuid 1 nó Cuid 2.**
**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.**

| C. | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| Iomlán | |

**Tabhair faoi deara, le do thoil, dáileadh na marcanna ar na ceisteanna.**
**Ceadaítear áireamháin a úsáid.**
**Déanamh agus Sórt an áireamháin a úsáideadh:**

**CUIMHNIGH AIR GUR GÁ AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR ATÁ IN ÚSÁID AGAT CHUN ROINN 2 AGUS ROINN 3 A FHREAGAIRT**

## ROINN 1
**(80 marc)**

## CEISTEANNA GEARRFHREAGRA

**Ní mór an roinn seo a fhreagairt. Freagair ocht gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist. Cuir an scrúdpháipéar seo ar ais le do thoil in éineacht le do fhreagarleabhar.**

**1.** Léirigh do thuiscint ar an téarma 'fiontraíocht':

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**2.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fheidhm atá ag an Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí:

(i) ______________________________________________

______________________________________________

(ii) ______________________________________________

______________________________________________

**3.** Sainmhínigh bainistíocht:

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**4.** Dréachtaigh agus cuir lipéid ar struchtúr maitríse d'eagraíocht a bhfuil dhá fhoireann tionscadail aici:

**5.** (a) Mínigh an téarma 'príobháidiú':

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(b) Mínigh an tionchar atá aige ar fhorbairt gheilleagar na hÉireann:

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**6.** Dréachtaigh meamram ón mBainisteoir Díolacháin chuig an bhfoireann go léir in asraon miondíola ag cur in iúl dóibh go dtiocfaidh an scéim choimisiúin 10% atá aontaithe cheana féin i bhfeidhm ar dhíolacháin ón 1 Iúil:

**7.** Baineann na figiúirí seo a leanas le cuideachta le dhá bhliain anuas.

| | **2005** | **2004** |
|---|---|---|
| | € | € |
| Scairchaipiteal Údaraithe | 500,000 | 500,000 |
| Gnáth-Scairchaipiteal | 420,000 | 320,000 |
| Iasachtaí fadtéarma | 140,000 | 270,000 |
| Tuilleamh coimeádta | 30,000 | 40,000 |

**Obair**

Ríomh an cóimheas Fiachais/Cothromais sna blianta 2004 agus 2005:

2004 ________ 2005________

Cuir tic (√) sa bhosca cuí le taispeáint cé acu atá an treocht ag feabhsú nó ag dul in olcas, agus tabhair fáth **amháin** a d'fhéadfadh a bheith leis seo:

| **Ag Feabhsú** | | **Ag Dul in Olcas** | |
|---|---|---|---|

Fáth: ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**8.** Sainmhínigh cleachtas gnó eiticiúil:

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**9.** (a) Sainmhínigh airgeadas gearrthéarmach:

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(b) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** rogha d'airgeadas gearrthéarmach atá ar fáil do ghnó déantúsaíochta seanbhunaithe:

(i) ______________________________________________

______________________________________________

(ii) ______________________________________________

______________________________________________

**10**. (a) Mínigh an téarma 'easpórtálacha dofheicthe':

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(b) Agus tú ag baint úsáid as an eolas seo a leanas, ríomh (i) Comhardú na Trádála agus (ii) Comhardú na nÍocaíochtaí:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Iomlán na nIompórtálacha | €16 bhilliún | Easpórtálacha Dofheicthe | €11 bhilliún |
| Iomlán na nEaspórtálacha | €19 mbilliún | Iompórtálacha Dofheicthe | €9 mbilliún |

(i) Comhardú na Trádála ____________

(ii) Comhardú na nÍocaíochtaí ________

**Obair**

**CUIMHNIGH AIR GUR GÁ AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR ATÁ IN ÚSÁID AGAT CHUN ROINN 2 AGUS ROINN 3 A FHREAGAIRT**

# ROINN 2
**(80 Marc)**

**Ceist éigeantach í seo bunaithe ar na hAonaid 3, 4 agus 5.**

# Ceist ar Ghnó Feidhmeach

## Décor Galánta Teo.

Bliain ó shin tháinig Ruth Caomhánach i gceannas mar Bhainisteoir Ginearálta ar Décor Galánta Teo., gnóthas miondíola agus mórdhíola. Chuaigh sí i gceann ar ghnó na péinte, an pháipéir bhalla agus na tíleála nuair a d'éirigh a hathair Pádraig as. Bhí gean an phobail ar Phádraig go háitiúil mar fhostóir ach níor fhás an gnó agus níor choinnigh sé cos le forbairtí sa teicneolaíocht, sa mhargaíocht ná sa bhainistíocht acmhainní daonna. Tá áitreabh na cuideachta lonnaithe i mbaile a bhfuil fás faoi, laistigh d'uair an chloig taistil ó Bhaile Átha Cliath, agus is gá é a chóiriú as an nua.

Tá fás mór tagtha ar an méid tithe nua atá á dtógáil ar an mbaile le blianta beaga anuas agus tá soláthar déanta sa phlean forbartha d'aonaid bhreise tithíochta agus tionsclaíocha. Tá Ruth uaillmhianach. Tá sé d'aidhm aici bheith chun tosaigh sa mhargadh. Tá taighde tar éis a chur ina luí uirthi na buntáistí a bhainfeadh le roinn 'Déan Tú Féin É' (DIY) a chur leis an ngnó atá ann cheana féin agus an dara siopa a bhunú i mbaile atá níos lú ná fiche ciliméadar ó láthair. Beidh breis foirne ag teastáil chun an tionscnamh seo a chur i gcrích, clár athoiliúna don fhoireann atá ann faoi láthair, dreasachtaí, agus infheistíocht caipitil, más leis an ngnó rathú.

Is céimí gnó í Ruth agus tuigeann sí an tábhacht a bhaineann leis an margaíocht i gcur chun cinn gnó. Sciar an mhargaidh atá ag a fiontar siúd, agus an láimhdeachas atá acu, tá siad níos ísle ná gnóthais inchomparáide eile. Tá rún ag Ruth cur de chaoga faoin gcéad lena sciar den mhargadh laistigh de chúig bliana, scileanna na foirne a fheabhsú, chomh maith le feabhas a chur ar gcineál seirbhíse do chustaiméirí agus ar an raon táirgí. Tá asraon nua crua-earraí agus garraíodóireachta le hoscailt go luath ag ilsiopa a bhfuil neart spásanna páirceála acu, laistigh de cheithre chiliméadar slí di, agus tá sin tar éis í a chur ag smaoineamh go géar. Ní dhearna Décor Galánta Teo. aon infheistíocht i ngníomhaíochtaí margaíochta go dtí seo. Tá sé ar intinn aici chomh maith línte freagrachta a shainmhíniú go soiléir don fhoireann i réimsí na gceannachán agus an díolacháin/margaíochta, agus luach saothair a thairiscint d'fhostaithe má bhaintear spriocanna amach. Teastaíonn uaithi athruithe a dhéanamh agus freagairt do riachtanais na gcustaiméirí go tapa ach tá an fhoireann ag cur ina coinne go láidir.

**(A)** Déan cur síos ar conas is féidir le gníomhaíochtaí bainistíochta cabhrú le Ruth feabhas a chur ar fheidhmíocht an ghnóthais. (30 marc)

**(B)** Cuir comhairle ar Ruth faoi na straitéisí a chabhróidh léi bainistiú a dhéanamh ar na hathruithe nach mór dóibh tarlú chun go n-éireoidh leis an ngnó. (20 marc)

**(C)** Agus an téacs thuas á úsáid agat, léirigh conas is féidir go gcabhródh sé le huaillmhianta Ruth a chomhlíonadh dá gcuirfí i bhfeidhm gnéithe an Phraghais agus an Tionscnaimh den mheascán margaíochta. (30 marc)

**(80 marc)**

# ROINN 3
**(240 marc)**

**Freagair ceithre cheist as Roinn 3 mar a leanas:**
**Freagair ceist amháin as Cuid 1, Dhá cheist as Cuid 2 agus ceist amháin eile as Cuid 1 nó Cuid 2. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

# Cuid 1
# Daoine sa Ghnó / Timpeallacht Ghnó

## Daoine sa Ghnó

### Ceist 1

**(A)** 'Is féidir leis an ghaol idir fiontar agus a chuid geallsealbhóirí a bheith iomaíoch nó comhoibritheach.' Pléigh an ráiteas sin agus samplaí cuí á n-úsáid agat. (15 mharc)

**(B)** (i) Faoi théarmaí an Achta um Dhífhostú Éagórach 1977/1993, mínigh na cúiseanna atá le dífhostú a cheaptar a bheith cóir.
(ii) Déan cur síos ar na cineálacha éagsúla sásaimh atá ar fáil d'fhostaithe a dhífhostaítear go héagórach. Léirigh do fhreagra le samplaí cuí. (25 marc)

**(C)** Mínigh na heilimintí atá i gconradh bailí. (20 marc)

**(60 marc)**

## Timpeallacht Intíre / Idirnáisiúnta

### Ceist 2

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar na catagóirí tionscal i ngeilleagar na hÉireann. Maidir le **ceann amháin** díobh sin, déan cur síos ar a chion tairbhe do gheilleagar na hÉireann. (20 marc)

**(B)** Déan cur síos ar an tionchar a bhíonn ag an mboilsciú agus ag rátaí úis ar an ngnó in Éirinn. (20 marc)

**(C)** Déan cur síos ar na freagrachtaí sóisialta atá ar ghnó. (20 marc)

**(60 marc)**

## Timpeallacht Intíre / Idirnáisiúnta

**Ceist 3**

**(A)** (i) Tabhair breac-chuntas ar an bpróiseas cinnteoireachta san Aontas Eorpach.
(ii) Mínigh an téarma 'Treoir AE' agus an tionchar atá ag **ceann amháin** acu ar chúrsaí gnó in Éirinn.
(25 marc)

**(B)** Déan measúnú ar an tionchar atá ag aon **dá** cheann díobh seo a leanas ar Éirinn:
(i) An Comhbheartas Talmhaíochta
(ii) An Polasaí Iomaíochta
(iii) Cairt Shóisialta an Aontais Eorpaigh (20 marc)

**(C)** Déan anailís ar conas mar atá tionchar ag athruithe sa gheilleagar idirnáisiúnta ar an ngnó in Éirinn. Bain úsáid as samplaí cuí chun do fhreagra a léiriú. (15 mharc)

**(60 marc)**

**CUIMHNIGH AIR GUR GÁ AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR ATÁ IN ÚSÁID AGAT CHUN ROINN 2 AGUS ROINN 3 A FHREAGAIRT**

# ROINN 3
## Cuid 2
## Fiontraíocht

**Bainistíocht / Fiontraíocht**

### Ceist 4

**(A)** Déan cur síos ar theoiric inspreagtha **amháin** is gnách a úsáid sa bhainistíocht. (10 marc)

**(B)** Déan plé ar **thrí** stíl bhainistíochta. (30 marc)

**(C)** Agus samplaí á n-úsáid agat, déan anailís ar **cheithre** scil éagsúla fiontraíochta, agus ceangail dhá cheann acu leis an ngnó agus dhá cheann leis an bpobal. (20 marc)

**(60 marc)**

**Bainistíocht / Gnó ag Gníomhú**

### Ceist 5

**(A)** (i) Taispeáin an difríocht atá idir slánaíocht agus leas inárachais. Léirigh do fhreagra.
(ii) Déan idirdhealú idir árachas teaghlaigh agus árachas gnó.
(20 marc)

**(B)** An t-eolas faoi chúrsaí airgeadais a fhoilsítear i ráitis airgeadais mar Chuntais Bhrabúis agus Chaillteanais agus Cláir Chomhardaithe, bíonn sé úsáideach chun cinntí a dhéanamh.
Déan staidéar ar na figiúirí thíos agus freagair na ceisteanna a leanas:

| | **2005** | **2004** |
|---|---|---|
| | € | € |
| Díolacháin | 500,000 | 400,000 |
| Speansais | 50,000 | 40,000 |
| Brabús Glan | 70,000 | 60,000 |
| Caipiteal Fostaithe | 650,000 | 600,000 |

(i) Ríomh an Corrlach Brabúis Comhlán, an Corrlach Brabúis Glan agus an Toradh ar Infheistíocht sna blianta 2004 agus 2005.
(ii) Déan anailís ar na treochtaí brabúis sin agus déan plé ar cé mar d'úsáidfeadh scairshealbhóirí iad chun cinntí a dhéanamh.
(40 marc)

**(60 marc)**

## Gnó ag Gníomhú

### Ceist 6

*Tá Paula agus Tomás ar ais in Éirinn le gairid tar éis dóibh a bheith ag obair i gcuideachtaí trasnáisiúnta le deich mbliana anuas. Is mian leo gnó a bhunú le chéile in Éirinn agus raon gránbharr bricfeasta orgánach nua a dhéanamh. Tá scil faoi leith ag Paula sa táirgeacht agus san airgeadas agus tá scil ag Tomás sa mhargaíocht agus in acmhainní daonna.*

**(A)** Déan Plean Gnó a dhréachtú i gcomhair an ghnó nua seo atá beartaithe. Bain úsáid as **cúig** phríomh-cheannteideal, agus tabhair breac-chuntas ar an ábhar faoi gach ceannteideal.
(40 marc)

**(B)** Tá rún ag Paula agus Tomás an gnó a leathnú isteach i margadh an AE ar ball.

(i) Déan cur síos ar na himpleachtaí atá ann don ghnó má dhéantar é a leathnú.
(ii) Mínigh **dhá** mhodh leathnaithe a molfá dóibh smaoineamh orthu. (20 marc)

**(60 marc)**

## Gnó ag Gníomhú

### Ceist 7

Tá súil ag Déirdre Ní Mhaoldomhnaigh a gnó féin a bhunú le dul ag plé le táirgí cosmaideacha agus áille phearsanta, agus é dírithe ar mhargadh an tomhaltóra. Is comhairleoir margaíochta tusa agus tháinig sí chugatsa ag lorg roinnt comhairle maidir leis an margaíocht. Mínigh di, i bhfoirm tuairisce **amháin**:

**(A)** Na céimeanna a bhaineann le forbairt táirge/seirbhíse nua. (20 marc)

**(B)** An tábhacht a bhaineann le 'pacáistíocht', 'brandáil' agus 'saolré táirge' maidir leis an ngnó seo. (30 marc)

**(C)** An téarma 'bealach dáilte', agus déan ceann a mholadh a bheadh oiriúnach dá gnó.
(10 marc)

**(60 marc)**

**CUIMHNIGH AIR GUR GÁ AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A CHUR AR AIS LEIS AN bhFREAGARLEABHAR ATÁ IN ÚSÁID AGAT CHUN ROINN 2 AGUS ROINN 3 A FHREAGAIRT**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán